C/2026/3741

14.7.2026

Fógra le haghaidh na ndaoine agus na n-eintiteas atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2024/1484 ón gComhairle, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2026/1709 ón gComhairle, agus i Rialachán (AE) 2024/1485 ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1708 ón gComhairle maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Rúis

(C/2026/3741)

Dírítear aird na ndaoine agus na n-eintiteas a luaitear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2024/1484 ón gComhairle [1], arna leasú le Cinneadh (CBES) 2026/1709 ón gComhairle [2], agus in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1485 ón gComhairle [3], arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1708 ón gComhairle [4], a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Rúis, ar an bhfaisnéis seo a leanas.

Ceanglaítear le hAirteagal 13(2) de Rialachán (AE) 2024/1485 nach mór do na daoine agus do na heintitis sin tuairisc a thabhairt, laistigh de 6 seachtaine ó dháta an liostaithe in Iarscríbhinn IV, faoi na cistí nó na hacmhainní eacnamaíocha laistigh de dhlínse Bhallstáit ar leo iad nó atá faoina n-úinéireacht, ina seilbh nó faoina rialú, chuig údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil na cistí nó na hacmhainní eacnamaíocha sin suite. Ní mór dóibh oibriú i gcomhar leis an údarás inniúil maidir le fíorú na faisnéise sin. Aon mhainneachtain na hoibleagáidí sin a urramú, measfar gur teacht timpeall ar na bearta maidir le reo sócmhainní agus acmhainní eacnamaíocha atá ann.

Ní mór an fhaisnéis atá le tuairisciú a sheoladh chuig údarás inniúil an Bhallstáit ábhartha, trína shuíomh gréasáin mar a shonraítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1485.

---

(1) IO L, 2024/1484, 27.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1484/oj.
(2) IO L, 2026/1709, 13.7.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/1709/oj.
(3) IO L, 2024/1485, 27.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1485/oj.
(4) IO L, 2026/1708, 13.7.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/1708/oj.